OECD Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Mhic Léinn 2015

Ireland
Language: Irish [ISO 372]

CEISTNEOIR TUISMITHEOIRÍ

PISA 2015
PRÍOMHSTAIDÉAR (MÁRTA 2015)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Educational Research Centre
Foras Taighde ar Oideachas

Cad atá i gceist leis an gceistneoir seo?

Roghnaíodh an dalta a thug an ceistneoir seo abhaile chun páirt a ghlacadh sa Chlár Idirnáisiúnta do Mheasúnú ar Mhic Léinn (PISA). Staidéar é seo a dhíríonn ar eolas agus ar dhearcthaí ar an eolaíocht ag mic léinn atá 15 agus 16 bliana d'aois (cé go bhfuil roinnt mac léinn in Éirinn go mb'fhéidir nach bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an eolaíocht). Breathnaíonn sé freisin ar an matamaitic agus ar an léitheoireacht.

Is í an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE/OECD) a eagraíonn an staidéar agus baineann sé le mic léinn ó thart ar 70 tír éagsúl. In Éirinn, tá an Foras Taighde ar Oideachas, Droim Conrach ag cur PISA i bhfeidhm thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Mar chuid den staidéar, tá ceist á chur againn ar thuismitheoirí daltaí maidir le:

- Teaghlach agus clan do pháiste
- Scoil do pháiste
- Oideachas do pháiste
- Do dhearcthaí ar eolaíocht agus ar an timpeallacht
- Do chúlra
- Bulaíocht, tinreamh agus do pháiste.

Cabhróidh an t-eolas linn tuiscint níos fearr a fháil ar eolas agus ar dhearcthaí mac léinn faoin eolaíocht. Cuideoidh sé polasaithe a fhorbairt chun oideachas leanaí in Éirinn a fheabhas. Níl gá le d'ainm ná le heolas aitheantais.

Déanfar aon eolas a bhaileofar a choimeád faoi rún daingean agus ní bheidh aon duine ar leith ná aon chlann inaitheanta in aon fhoilseachán. Nuair a chuirfear an t-eolas isteach i mbunachar sonraí, déanfar na ceistneoirí a dhiúscar ar bhealach slán. In Éirinn, beidh PISA á chur i bhfeidhm de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus Staidrimh.

Iarraimid ort gach ceist lena mbrathann tú compordach a fhreagairt. Níl aon fhreagraí atá ceart ná mícheart: roghnaigh na freagraí is fearr a oireann duit féin.

Má tá aon cheisteanna nó aon fhiosrúcháin agat, déan teagmháil le do thoil le:

Gerry Shiel

An Foras Taighde ar Oideachas

Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Áth Cliath 9.

Ríomhphost: PISA2015@erc.ie.

Fón: 01-8065227.

Tá fáil ar eolas breise faoi PISA ar www.erc.ie/PISA agus ar www.pisa.oecd.org.

Nuair a iarrtar orm faoi eolaíocht, cad faoi ar chóir dom smaoineamh?

Sa cheistneoir seo, baineann eolaíocht leis an t-eolas agus na scileanna a fhaightear ó ábhair ar nós fisic, ceimic, agus bitheolaíocht.

Cé hiad ar chóir dóibh an ceistneoir seo a chomhlánú?

Ba chóir do thuismitheoir (nó don dá thuismitheoir le chéile) nó d'aon chúramóir bunaidh eile ag an mac léinn an ceistneoir a chomhlánú. Tagraítear don mhac léinn a thug an ceistneoir seo abhaile mar 'do pháiste'.

ROINN A: DO CHLANN

C1 **Cé a bheidh ag comhlánú an Cheistneora seo?**
PA001

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

Máthair nó caomhnóir baineann eile	☐1
Athair nó caomhnóir fireann eile	☐1
Eile	☐1

Freagair an cheist seo le do thoil agus tú ag tagairt don dalta a thug an ceistneoir seo abhaile. Freagair an cheist seo le do thoil agus tú ag tagairt don dalta a thug an ceistneoir seo abhaile.

C2 **Agus tú ag smaoineamh siar nuair a bhí do pháiste thart ar 10 mbliana d'aois, cé chomh minic agus a bhí do pháiste tar éis na rudaí seo a dhéanamh?**
PA002

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Go minic	*Go rialta*	*Uaireanta*	*Níor tharla riamh*
Breathnú ar chláir theilifíse faoin eolaíocht	☐1	☐2	☐3	☐4
Leabhair ar fhionnachtana eolaíochta a léamh	☐1	☐2	☐3	☐4
Breathnú ar, léamh nó éisteacht le ficsean eolaíochta	☐1	☐2	☐3	☐4
Cuairteanna tugtha ar ghréasáin idirlín faoi thopaicí eolaíochta	☐1	☐2	☐3	☐4
Freastal déanta ar champa nó ar chlub bainteach le heolaíocht	☐1	☐2	☐3	☐4
Súgradh le bréagáin tógála, m.sh. lego bricí	☐1	☐2	☐3	☐4
Giuirléidí teicneolaíochta a thógaint as a chéile	☐1	☐2	☐3	☐4
Rudaí nó nithe briste a shocrú, m.sh. bréagáin leictreonacha a bhí briste	☐1	☐2	☐3	☐4
Triail bainte as pacáistí eolaíochta, pacáistí leictreonaice, nó pacáiste ceimice, nó micreascóp nó teileascóp	☐1	☐2	☐3	☐4
Súgradh le cluichí ríomhaireachta faoin eolaíocht	☐1	☐2	☐3	☐4

C3
PA003

Cé chomh minic agus a dhéanann tusa nó duine éigin eile sa teach na rudaí seo a leanas le do pháiste?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Riamh nó ar éigean riamh	*Uair nó dhó sa bhliain*	*Uair nó dhó sa mhí*	*Uair nó dhó sa tseachtain*	*Gach lá nó beagnach gach lá*
Plé faoi tslí ina bhfuil ag éirí le mo pháiste ar scoil.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Dinnéar a ithe ag an mbord le mo pháiste.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Am a chaitheamh gan ach a bheith ag caint le mo pháiste.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Cabhrú le mo pháiste leis an obair bhaile eolaíochta.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Labhairt le mo pháiste faoin tslí ina bhfuil ag éirí leis/léi sa rang eolaíochta.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Nithe a bhaineann le heolaíocht a fháil do mo pháiste (m.sh., feidhmeanna, bogábhar, treoirleabhair don staidéar).	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Labhairt le mo pháiste faoin tslí ina n-úsáidtear an eolaíocht sa saol laethúil.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5
Labhairt le mo pháiste faoi fhéidearthachtaí i ngairmeacha a bhaineann le heolaíocht.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4	☐ 5

C4 **Maidir leis an scoilbhliain 2014-2015, cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?**

PA004

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Easaontaím go láidir	*Easaontaím*	*Aontaím*	*Aontaím go láidir*
Tá spéis agam ina mbíonn á dhéanamh ag mo pháiste ar scoil.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Tacaím le hiarrachtaí agus le gnóthachtálacha mo pháiste ar scoil.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Tacaím le mo pháiste nuair a bhíonn deacrachtaí aige/aici ar scoil.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Tugaim spreagadh do mo pháiste a bheith muiníneach.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4

ROINN B: SCOIL DO PHÁISTE

Tá spéis againn sna roghanna a bhí agaibh mar thuismitheoirí nuair a bhí an scoil ar a bhfuil bhúr bpáiste ag freastal á roghnú agaibh.

C5
PA005

Cén ceann de na ráitis seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar an scolaíocht atá ar fáil do dháltaí i do cheantar áitiúil?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

Tá dhá scoil eile nó níos mó ná sin sa cheantar áitiúil ar a bhféadfadh mo pháiste freastal.	☐ 1
Tá scoil amháin eile sa cheantar ar a bhféadfadh mo pháiste freastal.	☐ 2
Níl aon scoileanna eile sa cheantar seo ar a bhféadfadh mo pháiste freastal.	☐ 3

C6
PA006

Cé chomh tábhachtach agus atá na cúiseanna seo maidir le scoil a roghnú do do pháiste?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Níl sé tábhachtach	*Cuíosach tábhachtach*	*Tábhachtach*	*An-tábhachtach*
Níl an scoil ach tamaillín gearr ón mbaile.	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá dea-cháil ar an scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá cúrsaí nó ábhair scoile ar leith á ofráil ag an scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Claíonn an scoil le héiteas reiligiúnda ar leith.	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá cur chuige ar leith ag an scoil (m.sh. cur chuige dalta-lárnach) don teagasc agus don fhoghlaim.	☐1	☐2	☐3	☐4
D'fhreastal daoine eile sa chlann ar an scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Bíonn na costais íseal (m.sh. táillí, leabhair, costais chónaithe).	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá cúnamh airgeadais ar fáil ag an scoil, cosúil le hiasacht, scoláireacht, nó deontas.	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá timpeallacht scoile ghníomhach agus thaitneamhach sa scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Éiríonn go maith le daltaí go hacadúil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Tá timpeallacht scoile shábháilte sa scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4

Tá spéis againn i do thuairimí faoi scoil do pháiste a fháil.

C7 **PA007**

Cé chomh mór agus a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Aontaím go láidir	*Aontaím*	*Easaontaím*	*Easaontaím go láidir*
Is cosúil go bhfuil formhór na múinteoirí atá ag mo pháiste go maith ag a gcuid oibre.	☐1	☐2	☐3	☐4
Bíonn na caighdeáin ghnóthachtála ard i scoil mo pháiste.	☐1	☐2	☐3	☐4
Táimse sásta leis an ábhar agus leis na modhanna teagaisc atá in úsáid i scoil mo pháiste.	☐1	☐2	☐3	☐4
Táim sásta leis an leibhéal smachta i scoil mo pháiste.	☐1	☐2	☐3	☐4
Déantar monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn mo pháiste sa scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Cuireann scoil mo pháiste eolas rialta agus úsáideach ar fáil ar dhul chun cinn mo pháiste.	☐1	☐2	☐3	☐4
Déanann scoil mo pháiste obair mhaith ar oideachas a chur ar dhaltaí.	☐1	☐2	☐3	☐4
Cruthaíonn an scoil atmaisféar fáilteach ar fáil chun tuismitheoirí a bheith páirteach.	☐1	☐2	☐3	☐4
Cruthaíonn an scoil cumarsáid éifeachtach idir an scoil agus an chlann.	☐1	☐2	☐3	☐4

C7
PA007

(ar lean) Cé chomh mór agus a aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Aontaím go láidir	*Aontaím*	*Easaontaím*	*Easaontaím go láidir*
Tá scoil mo pháiste go maith maidir le tuismitheoirí a bheith páirteach sa phróiseas a bhaineann le cinntí a dhéanamh.	☐1	☐2	☐3	☐4
Cuireann scoil mo pháiste oideachas ar fáil do thuismitheoirí (m.sh. tuismitheoireacht éifeachtach) nó cláir do thacaíocht teaghlach (m.sh. bulaíocht a sheachaint).	☐1	☐2	☐3	☐4
Cuireann scoil mo pháiste eolas nó tacaíocht ar fáil do theaghlaigh faoi obair bhaile agus imeachtaí eile bainteach leis an scoil.	☐1	☐2	☐3	☐4
Baineann scoil mo pháiste úsáid as seirbhísí pobail chun tacú le cláir scoile agus le forbairt na ndaltaí.	☐1	☐2	☐3	☐4

C8 **Le linn na scoilbhliana 2014-2015, ar ghlac tú páirt in aon cheann de na gníomhaíochtaí seo bainteach leis an scoil?**

PA008

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Ghlac	*Níor ghlac*	*Níor ofráil an scoil é seo nó níor thacaigh leis*
Iompar mo pháiste a phlé le múinteoir as mo stuaim féin.	☐1	☐2	☐3
Iompar mo pháiste a phlé ar iarratas ó dhuine dá m(h)úinteoirí .	☐1	☐2	☐3
Dul chun cinn mo pháiste a phlé le múinteoir as mo stuaim féin.	☐1	☐2	☐3
Dul chun cinn mo pháiste a phlé ar iarratas ó dhuine dá m(h)úinteoirí .	☐1	☐2	☐3
Páirt a ghlacadh sa Bhord Bainistíochta nó in Eagraíocht na dTuismitheoirí.	☐1	☐2	☐3
Fáil a bheith orm go deonach do ghníomhaíochtaí fhisiceacha nó seach-churaclaim (m.sh. cothabháil an fhoirgnimh, garraíodóireacht nó obair sa chlós, dráma scoil, lá spóirt).	☐1	☐2	☐3
Fáil a bheith orm go deonach chun tacú le gníomhaíochtaí scoile (m.sh. leabharlann nó bialann na scoile, cabhrú le múinteoir, a bheith ar fáil mar aoichainteoir).	☐1	☐2	☐3
Freastal ar chruinnithe nó ag comhdháil a bhí eagraithe do thuismitheoirí.	☐1	☐2	☐3
Labhairt le múinteoirí mo pháiste faoin tslí le tacú leis an bhfoghlaim agus leis an obair bhaile sa bhaile.	☐1	☐2	☐3
Tuairimí a roinnt le múinteoirí mo pháiste faoi thuismitheoireacht, faoi thacaíocht clainne, nó faoi fhorbairt mo pháiste a thuiscint.	☐1	☐2	☐3

C9
PA009

An aontaíonn nó an easaontaíonn tú gur chuir na nithe seo a leanas as do do rannpháirtíocht in imeachtaí i scoil do pháiste le linn na scoilbhliana 2014-2015?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Aontaím	*Eas-aontaím*
Ní raibh amanna na gcruinnithe oiriúnach.	☐1	☐2
Ní rabhas ábalta an t-am a fháil saor ón obair.	☐1	☐2
Ní raibh aon duine chun aire a thabhairt do mo pháiste/í.	☐1	☐2
Tá an bealach chun na scoile gan a bheith sábháilte.	☐1	☐2
Bhí deacrachtaí agam le córas taistil.	☐1	☐2
Níor mhothaigh mé go raibh fáilte romham i scoil mo pháiste.	☐1	☐2
Níl mo scileanna teanga go maith.	☐1	☐2
Níor léir dom go raibh aon ghá freastal.	☐1	☐2
Nílim cinnte conas mar a fhéadfainn a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí na scoile.	☐1	☐2
Ní theastaíonn ó mo pháiste go mbeidh mé páirteach.	☐1	☐2

C10 **Tá spéis againn sa bhaint a bhíonn ag tuismitheoirí le cairde scoile an pháiste agus le foireann na scoile.**

PA011

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Níl aon cheann	*1-2*	*3-5*	*6 nó níos mó*
Cé mhéid de thuismitheoirí chairde do pháiste sa scoil seo a bhfuil tú ábalta ainm a chur orthu?	☐1	☐2	☐3	☐4
Cé mhéid de na cairde atá ag do pháiste ar scoil a bhfuil tú ábalta ainm a chur orthu?	☐1	☐2	☐3	☐4
Cé mhéid d'fhoireann na scoile a mbeifeá ar do chompord labhairt leo dá mbeadh ceist agat faoi do pháiste?	☐1	☐2	☐3	☐4

ROINN C: OIDEACHAS DO PHÁISTE ROIMHE SEO

Baineann roinnt de na ceisteanna sa Roinn seo le do pháiste a bheith ag tosú sa bhunscoil. In Éirinn, is Naíonáin Shóisir an chéad bhliain den bhunoideachas.

Munar thosaigh do pháiste ar an mbunoideachas in Éirinn, freagair na ceisteanna agus tú ag tagairt don leibhéal ar ionann é agus 'Naíonáin Shóisir' sa tír ina raibh do pháiste nuair a thosaigh sé nó sí ar an mbunscoil.

C11 **Cén aois ar thosaigh do pháiste sna Naíonáin Shóisir?**
PA014

Aois: _____

C12 **Ar fhreastail do pháiste go rialta ar aon cheann acu seo a leanas roimh dul go Naíonáin Shóisir?**
PA018

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	D'fhreastail	*Níor fhreastail*	
Cúram leanaí (m.sh. naíscoil, cúram lae, feighleoir leanaí)	☐1	☐2	***Más 'd'fhreastail', freagair Ceisteanna 13 – 16***
Oideachas réamh-scolaíochta, príomháideach nó a mhalairt (m.sh. scoil súgartha, Montessori, réamhscoil, naíonra lán-Ghaeilge, Clár an Túis Luaith, clár réamhscoile don lucht taistil)	☐1	☐2	***Más 'd'fhreastail', freagair ceisteanna 17 – 20***

Má d'fhreagair tú 'níor fhreastail' don dá chuid den cheist seo, téigh go C21.

C13 **Ag cén aois ar fhreastail do pháiste ar chúram leanaí roimh tosú sna Naíonáin Shóisir?**
PA019

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

Go dtí aois 1	☐ 1
Aois 1	☐ 1
Aois 2	☐ 1
Aois 3	☐ 1
Aois 4	☐ 1
Aois 5	☐ 1
Aois 6	☐ 1
Aois 7	☐ 1

C14 Cé thug aire do do pháiste i gcúram leanaí?

PA020

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

- Dearthair nó deirfiúr an pháiste a bhí faoi bhun 16 bliana d'aois ☐1
- Gaol fásta leis an bpáiste (m.sh. seantuistí) ☐1
- Duine fásta gan oiliúint i gcúram páistí, nach raibh gaolta (m. sh. feighlí linbh, cara, comharsa) ☐1
- Duine fásta oilte (m. sh. oibrí i gcúram leanaí, banaltra) ☐1

C15 Cár tharla an cúram leanaí?

PA021

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

- I mbaile an pháiste ☐1
- I mbaile duine éigin eile ☐1
- I suíomh institiúideach (m.sh. naíscoil, cúram lae) ☐1
- In áit eile ☐1

C16 Cad í an chúis is tábhachtaí gur fhreastail do pháiste ar chúram leanaí?

PA022

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

- Bhí an freastal ar a leithéid éigeantach. ☐1
- Ní fhéadfainn/faimís aire a thabhairt don pháiste (m.sh. obair, breoiteacht). ☐2
- Theastaigh spreagadh foghlama breise uaim/uainn don pháiste (m.sh. sóisialta, acadúil). ☐3
- D'fhreastail formhór na bpáistí eile ar chúram leanaí. ☐4

C17 **PA027**

Ag cén aois ar fhreastail do pháiste ar oideachas réamhscolaíochta roimh na Naíonáin Shóisir?

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

Aois 2 ☐1

Aois 3 ☐1

Aois 4 ☐1

Aois 5 ☐1

Aois 6 ☐1

Aois 7 ☐1

Smaoinigh anois ar an oideachas réamhscolaíochta is déanaí ar ar fhreastail do pháiste roimh Naíonáin Shóisir.

C18 **PA028**

Cén cineál soláthróra a chur an t-oideachas réamh-bhunoideachas ar fáil?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

Bainistíocht phoiblí agus maoiniú poiblí go príomha (m.sh. clár Túis Luaith, clár réamhscolaíochta don Lucht Siúil) ☐1

Bainistíocht phríomháideach agus maoiniú phoiblí go príomha ☐2

Bainistíocht phríomháideach agus maoiniú phríomháideach go príomha (m.sh. scoil shúgartha, Montessori, réamhscoil, naíonra – réamhscoil lán-Ghaeilge) ☐3

C19 **PA029**

Cé mhéid uair an chloig sa tseachtain a chaith do pháiste ag freastal ar oideachas réamhscoile ag aois trí bliana?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

- 0 uair an chloig sa tseachtain ☐1
- suas go 10 uair an chloig sa tseachtain ☐2
- 11-20 uair an chloig sa tseachtain ☐3
- 21-30 uair an chloig sa tseachtain ☐4
- 31-40 uair an chloig sa tseachtain ☐5
- 41-50 uair an chloig sa tseachtain ☐6
- 51 uair an chloig sa tseachtain nó níos mó ná sin ☐7

C20 **PA030**

Cad í an chúis is mó gur fhreastail do pháiste ar oideachas réamhscoile?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

- Bhí an freastal ar a leithéid éigeantach. ☐1
- Ní fhéadfadh mé/sinn aire a thabhairt don pháiste (m.sh. obair, breoiteacht). ☐2
- Theastaigh spreagadh breise foghlama uainn don pháiste (m.sh. sóisialta, acadúil). ☐3
- D'fhreastail formhór na bpáistí eile ar oideachas réamhscoile. ☐4

ROINN D: DO THUAIRIMÍ FAOI EOLAÍOCHT AGUS AN TIMPEALLACHT

*Baineann na ceisteanna seo a leanas le **gairmeacha bainteach le heolaíocht**. 'S éard atá i gceist le gairm bainteach le heolaíocht ná ceann a éilíonn go ndéanfaí staidéar ar eolaíocht ag an tríú leibhéal (m.sh. ollscoil). Dá réir sin, is samplaí iad do ghairmeacha bainteach le heolaíocht ná innealtóir (a bhaineann le fisic), réamhaisnéiseoir aimsire (a bhaineann le domhaneolaíocht), radharceolaí (a bhaineann le bitheolaíocht agus fisic), agus banaltraí/dochtúirí leighis (a bhaineann le ceimic agus fisic)*

C21 Freagair na Ceisteanna seo a leanas le do thoil.

PA032

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Tá / Is dóigh liom	*Níl / Ní dóigh liom*
An bhfuil aon duine i do chlann (tú féin san áireamh) ag obair i ngairm bainteach le heolaíocht?	☐1	☐2
An bhfuil spéis léirithe ag do pháiste a bheith ag obair i ngairm bainteach le heolaíocht?	☐1	☐2
An dóigh leatsa go rachaidh do pháiste isteach i ngairm bainteach le heolaíocht?	☐1	☐2
An bhfuil spéis léirithe ag do pháiste dul ag staidéar eolaíochta tar éis críochnú san iar-bhunscoil?	☐1	☐2
An dóigh leatsa go rachaidh do pháiste ag staidéar eolaíochta tar éis críochnú san iar-bhunscoil?	☐1	☐2

Is cuid thábhachtach de staidéar PISA í an eolaíocht. Tá spéis againn i dtuairimí tuismitheoirí faoin eolaíocht agus faoi ghnéithe imshaoil. Éilíonn an cheist seo a leanas do thuairimí i leith na heolaíochta.

C22 **PA033**

Cé chomh mór agus a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Aontaím go láidir	*Aontaím*	*Easaontaím*	*Easaontaím go láidir*
Bíonn an eolaíocht tábhachtach chun cuidiú linn tuiscint a fháil ar an domhain nádúrtha.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Bíonn an eolaíocht luachmhar don sochaí.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Tá an eolaíocht bainteach go mór liom.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
Is léir dom go gcuidíonn an eolaíocht liom tuiscint a fháil ar na rudaí atá thart orm.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4
De ghnáth bíonn dul chun cinn san eolaíocht buntáisteach don sochaí.	☐ 1	☐ 2	☐ 3	☐ 4

C23 **An léir na gnéithe imshaoil thíos a bheith mar mhór-ábhar imní duit féin agus/nó do dhaoine eile?**
PA035

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Is mór ábhar imní é seo domsa go pearsanta agus do dhaoine eile	*Is mór ábhar imní é seo do dhaoine eile sa tír ach ní domsa go pearsanta*	*Níl sé mar mhór ábhar imní ach do dhaoine i dtíortha eile*	*Níl sé mar mhór ábhar imní d'aon duine*
Aerthruailliú	☐1	☐2	☐3	☐4
Díothú plandaí agus ainmhithe	☐1	☐2	☐3	☐4
Foraoiseacha a ghlanadh ar mhaithe le húsáid eile a bhaint as an talamh	☐1	☐2	☐3	☐4
Ganntanas acmhainní uisce	☐1	☐2	☐3	☐4
Dramhaíl núicléach	☐1	☐2	☐3	☐4
Staid fhoircneach aimsire	☐1	☐2	☐3	☐4
Teagmháil dhaonna le galair ainmhithe	☐1	☐2	☐3	☐4
Scoilteadh híodrálach (fraiceáil) chun gás agus ola a aimsiú	☐1	☐2	☐3	☐4

C24
PA036

An dóigh leat go rachaidh na fadhbanna a bhaineann leis na gnéithe imshaoil seo a leanas i bhfeabhas nó in olcas sa 20 bliain atá le teacht?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	I bhfeabhas	*Fanfaidh mar an gcéanna*	*In olcas*
Aerthruailliú	☐1	☐2	☐3
Díothú plandaí agus ainmhithe	☐1	☐2	☐3
Foraoiseacha a ghlanadh ar mhaithe le húsáid eile a bhaint as an talamh	☐1	☐2	☐3
Ganntanas acmhainní uisce	☐1	☐2	☐3
Dramhaíl núicléach	☐1	☐2	☐3
Staid fhoircneach aimsire	☐1	☐2	☐3
Teagmháil dhaonna le galair ainmhithe	☐1	☐2	☐3
Scoilteadh híodrálach (fraiceáil) chun gás agus ola a aimsiú	☐1	☐2	☐3

ROINN E: DO CHÚLRA

C25 **PA039**

Cén tír inar rugadh na daoine seo a leanas ó theaghlach an pháiste?

(Ná cuir tic ach le freagra amháin i ngach colún.)

	Máthair	*Athair*	*Sean-mháthair na máthar*	*Seanathair na máthar*	*Sean-mháthair an athair*	*Seanathair an athair*
Poblacht na hÉireann	☐1	☐1	☐1	☐1	☐1	☐1
Tuaisceart na hÉireann	☐2	☐2	☐2	☐2	☐2	☐2
An Bhreatain Mhór	☐3	☐3	☐3	☐3	☐3	☐3
Eile	☐4	☐4	☐4	☐4	☐4	☐4

Freagair na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt don dalta a thug an ceistneoir seo abhaile chugat.

C26 **PA041**

Sa 12 mí atá thart, thart ar cé mhéid atá díolta agat le soláthraithe oideachasúla do <u>sheirbhísí</u> thar ceann do pháiste?

Cuir san áireamh le do thoil aon táillí teagaisc a íocann tú le scoil do pháiste, aon táillí eile a íocadh le múinteoirí aonair sa scoil nó le múinteoirí eile don teagasc a fhaigheann do pháiste, mar aon le haon táillí a íoctar do dhiancheachtanna breise.

<u>Ná</u> cuir san áireamh na costais a bhaineann le <u>h-earraí</u> cosúil le trealamh spóirt, éide scoile, ríomhairí nó téacsleabhair muna bhfuil siad clúdaithe sa táille ginearálta (is é sin, má bhíonn ort na rudaí sin a cheannach mar rudaí ar leith).

(Ná cuir tic ach le bosca amháin .)

Dada	☐1
Níos lú ná €100	☐2
Níos mó ná €100 ach níos lú ná €900	☐3
€900 nó níos mó ach níos lú ná €1,700	☐4
€1,700 nó níos mó ach níos lú ná €2,500	☐5
Níos mó ná €2,500	☐6

C27 **PA801**

Sa 12 mí atá thart, ar chuir aon cheann acu seo a leanas isteach ar do chlann?

(Cuir tic le bosca amháin i ngach sraith.)

	Chuir	*Níor chuir*
Méala/bás clainne nó dlúthchara clainne	☐1	☐2
Athrú tí nó athrú scoile do do pháiste	☐1	☐2
Athrú go hÉireann ó thír eile	☐1	☐2
Colscaradh nó scarúint	☐1	☐2
Tinneas tromchúiseach ag duine den chlann	☐1	☐2
Timpeallacht strusmhar sa bhaile (m.sh. coimhlint, alcól, drugaí)	☐1	☐2
Fostaíocht nó ioncam imithe, agus strus airgeadais dá bharr	☐1	☐2

C28 **PA802**

Conas mar a dhéanfá cur síos ó thaobh airgid de ar do chlann?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin .)

An-bhocht	☐ 1
Bocht	☐ 2
Cuíosach saibhir	☐ 3
Saibhir	☐ 4
An-saibhir	☐ 5

C29 **PA803**

Cé chomh minic agus a bhíonn imní ort maidir le fáil a bheith agat ar chaiteachas míosúil an teaghlaigh?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin.)

Ní tharlaíonn sé sin in aon chor	☐ 1
Anois is arís	☐ 2
Go minic	☐ 3
An t-am go léir	☐ 4

ROINN F: BULAÍOCHT, TINREAMH AGUS DO PHÁISTE

C30 **PA809** **An mbaineann aon cheann acu seo a leanas le tinreamh do pháiste ar scoil?**

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

Tá tinneas nó míchumas a leanann ag mo pháiste a chiallaíonn go mbíonn sé/sí as láthair ón scoil go minic	☐1
Bíonn sé deacair orm a chur ina luí ar mo pháiste dul ar scoil	☐1
Tá gá agam le mo pháiste chun cúnamh a thabhairt sa bhaile (m.sh. aire do dheartháireacha / dhéirfiúracha óga, nó do ghaolta níos sine)	☐1
Níor theastaigh ó mo pháiste dul ar scoil toisc go raibh bulaíocht ag tarlú do/di	☐1
Tógaim mo pháiste amach as an scoil le linn téarma chun dul ar saoire clainne	☐1
Tugaim aitheantas (duais) do mo pháiste as dea-thinreamh a bheith aige/aici	☐1
Níl spéis dá laghad ag mo pháiste freastal ar scoil	☐1
Cuireadh mo pháiste ar fionraí ón scoil	☐1

C31 **PA804** **Sa 12 mhí atá thart, go bhfios duit, ar tharla do do pháiste:**

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

		Tharla	*Níor tharla*
a)	Go ndearnadh bulaíocht air/uirthi ar scoil	☐1	☐2
b)	Go ndearnadh bulaíocht air/uirthi lasmuigh den scoil	☐1	☐2
c)	Go bhfaca sé/sí bulaíocht ag tarlú	☐1	☐2
d)	Gur ghlac sé/sí páirt i mbulaíocht	☐1	☐2

Má d'fhreagair tú 'tharla' le codanna a nó b, téigh go dtí an chéad cheist eile. Munar fhreagair, téigh go dtí an chéad cheist eile.

Munar fhreagair, go raibh míle maith agat an ceistneoir a chomhlánú! Is mór againn do rannpháirtíocht i PISA.

C32 **PA805**

Cén cineál bulaíochta a bhí i gceist?

(Ná cuir tic ach le bosca amháin i ngach sraith.)

	Sea	*Ní hea*
Bulaíocht fhisiceach	☐1	☐2
Bulaíocht ó bhéal	☐1	☐2
Bulaíocht leictreonach/ cibearbhulaíocht	☐1	☐2
Bulaíocht chiníoch nó eitneach	☐1	☐2
Rudaí pearsanta a thógaint nó dochar a dhéanamh dóibh	☐1	☐2
Iompar gnéasach nach raibh ag teastáil (m.sh. ciapadh, íomhánna, tagairtí)	☐1	☐2
Bulaíocht bainteach le gnéaschlaonadh	☐1	☐2
Bulaíocht bainteach le míchumas fisiceach nó foghlama	☐1	☐2
Bulaíocht trí eisiamh (a bheith fágtha amuigh)	☐1	☐2
Bulaíocht trí ráflaí a scaipeadh	☐1	☐2
Eile	☐1	☐2

C33 **PA806**

Cá ndearnadh bulaíocht ar do pháiste?

(Cuir tic le gach ceann a bhaineann.)

I bpasáistí na scoile	☐1
I gclós na scoile	☐1
Sa seomra ranga	☐1
I leithris na scoile	☐1
Sna seomraí feistis/cithfholctha ar scoil	☐1
Ar an idirlíon m.sh. trí ríomhphost, ar láithreáin líonraithe shóisialta ar líne (m.sh. Facebook), nó trí theachtaireachtaí meandracha ar líne	☐1
Ar a f(h)ón póca m.sh. teachtaireachtí téacs nó glaochanna fóin	☐1
Ag siúl nó ag rothaíocht go dtí an scoil nó ag teacht abhaile	☐1
Ar an mbus, ar an traein nó ar an Luas ag dul ar scoil nó ag teacht abhaile	☐1
In áit éigin eile ar scoil	☐1
Taobh amuigh den scoil	☐1

C34 **PA807**

Conas mar a tháinig an bhulaíocht chun solais?

(Cuir tic le bosca amháin i ngach sraith)

	Sea	*Ní hea*
D'inis mo pháiste dom	☐1	☐2
Chuireas ceist ar mo pháiste	☐1	☐2
Chuir an scoil in iúl dom	☐1	☐2
Thugas é faoi deara ó fhón nó ó úsáid Idirlín mo pháiste	☐1	☐2
D'inis duine éigin eile dom	☐1	☐2

C35 **PA808**

Cén cúnamh nó tacaíocht a cuireadh ar fáil chun dul i ngleic leis an mbulaíocht?

(Cuir tic le bosca amháin i ngach sraith.)

	Sea	*Ní hea*
Rinne foireann na scoile tacaíocht a ofráil	☐1	☐2
Rinneadh sinn a atreorú chuig seirbhís tacaíochta lasmuigh den scoil	☐1	☐2
Níor ofráileadh aon tacaíocht ná aon chúnamh domsa ná do mo pháiste	☐1	☐2
Ní dhearnamar aon tacaíocht a éileamh ná ní raibh aon ghá againn leis	☐1	☐2

Go raibh míle maith agat an ceistneoir seo a chomhlánú!
Is mór againn do rannpháirtíocht i PISA.